Aonad 8

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

# Scáthgheilleagar, Comhlíonadh agus an Biúró um Shócmhainní Coiriúla (CAB)

**Bileog Oibre le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí**

**2**

**Freagraí**



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

**1.** Aithin an bhfuil na ráitis seo thíos fíor nó bréagach.

| Ráiteas | Fíor / Bréagach |
|---|---|
| **1.** Is sampla de ghníomhaíocht sa scáthgheilleagar é Sochar Cuardaitheora Poist a éileamh go bréagach agus tú ag obair | **Fíor** |
| **2.** Méadaíonn seachaint cánach an méid ioncam reatha atá ar fáil ag an rialtas le caitheamh ar sholáthar seirbhísí poiblí, m.sh. oideachas | **Bréagach** |
| **3.** Tugtar Tuairisc Dea-Shaoránaigh ar thuairisc dheonach a dhéanann duine den phobal faoi ghníomhaíochtaí amhrasta scáthgheilleagair | **Fíor** |
| **4.** Bunaíodh an Biúró um Shócmhainní Coiriúla in 2006 | **Bréagach** |
| **5.** Tá córas cánach na hÉireann ag brath go mór ar choincheap an neamhchomhlíonta cánach | **Bréagach** |

**2.** Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart sna ráitis seo thíos.

**a.** D'fhéadfadh gníomhaíochtaí sa scáthgheilleagar gnólachtaí dlisteanacha a bhunú / **a chur as gnó**.

**b.** **Tá** / níl tuairisc dea-shaoránaigh faoi rún.

**c.** Má dhéanann duine aonair nó gnólacht nochtadh cáilithe, d'fhéadfadh pionóis **níos ísle** / níos airde a bheith mar thoradh air seo (a íoctar leis na Coimisinéirí Ioncaim).

**d.** Criminal Assessment Bureau (an Biúró um Shócmhainní Creidmheasa) / **Criminal Assets Bureau (an Biúró um Shócmhainní Coiriúla)**.

**e.** Úsáidtear airgead a bhailíonn CAB do **Chiste an Rialtais Láir** / Chiste Rialú Láir.

**3.** Ag baint úsáid as na téarmaí thíos, líon isteach na bearnaí sna habairtí. Ní féidir gach téarma a úsáid ach uair amháin.

- mainnitheoirí
- dea-shaoránaigh
- ús
- tuairisceáin chánach
- dhearbhaíonn
- airgead ar láimh
- seachobair
- ionchúiseamh
- scáth
- gcóras ÍMAT

Oibríonn Maria mar ghruagaire i salón áitiúil, áit a n-íocann sí Cáin Ioncaim, ÁSPC agus MSU faoin **gcóras ÍMAT**. Tá sí ag iarraidh dul ar laethanta saoire lena cairde agus cinneann sí roinnt **seachoibre** (obair ar an taobh) a dhéanamh chun ioncam breise a thuilleamh. Téann sí chuig tithe na gcliant agus cuireann sí seirbhísí gruagaireachta ar fáil. Íoctar **airgead ar láimh** léi agus ní **dhearbhaíonn** sí an t-ioncam do na Coimisinéirí Ioncaim.

Rinne comharsa de chuid Maria tuairisc **dea-shaoránaigh** do na Coimisinéirí Ioncaim, mar go gcreideann sí nach bhfuil Maria ag dearbhú a hioncaim iomláin agus go bhfuil sí ag feidhmiú mar chuid den **scáth**gheilleagar. Má fhaigheann na Coimisinéirí Ioncaim fianaise chun tacú leis na tuairisc seo, féadfaidh siad iarraidh ar Maria **tuairisceáin chánach** amuigh a thíolacadh (a chur isteach) chun dearbhuithe a dhéanamh ar a hioncam. D'fhéadfadh pionóis agus **ús** a bheith i ndán di freisin as tuairisceáin chánach a thíolacadh go déanach agus as cáin a íoc go déanach. D'fhéadfadh Maria aghaidh a thabhairt ar **ionchúiseamh** coiriúil agus a bheith ainmnithe ar fhoilseachán de liosta **mainnitheoirí** cánach na gCoimisinéirí Ioncaim.